**Coláiste an Phiarsaigh**

**Polasaí Garchabhrach**

**Nósanna imeachta i gcás tionóisce/ gortú:**

Is ceart tuairisc a thabhairt láithreach do Phríomhoide na scoile ar gach uile timpiste a tharlaíonn le héinne, más baill d'fhoireann na scoile, daltaí nó duine de mhuintir an phobail. Coimeádfar fillteán tuairisce na dtimpistí chun tuairisc a scríobh ar thionóiscí, eachtraí agus gortuithe.

**Gortuithe dáiríre:**

Is é polasaí Choláiste an Phiarsaigh i gcás eachtra éigeandála do dhalta, do bhall foirne nó do dhuine eile údaraithe, na treoracha seo a leanas a leanúint:

• Má tá sé oiriúnach do ghortuithe an duine, tógfar an t-othar go dtí an dochtúir is cóngaraí.

• I gcásanna gortaithe dáiríre, nuair a bhíonn baol ann go gcuirfear le gortú/ sláinte an duine, iarrfar ar dhuine teacht ar chúnamh leighis láithreach.

• Rachfar i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí.

• Líonfar tuairisc thimpiste.

**Páistí atá tinn/ gortaithe:**

Is é polasaí Choláiste an Phiarsaigh, nuair a bhíonn páiste tinn nó breoite agus iad ar scoil go gcuirfear glaoch ar thuismitheoirí agus go gcuirfear socruithe i bhfeidhm go dtabharfar an páiste abhaile. Sa chás nach féidir teacht ar thuismitheoirí cuirfear glaoch ar na daoine údaraithe ó na tuismitheoirí. Braitheann an scoil ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí chun eolas a thabhairt don scoil faoi athruithe ar eolas teagmhála agus uimhreacha fóin éigeandála.

**Mionghortuithe:** Is é polasaí Choláiste an Phiarsaigh i gcás mionghortú do dhalta, do bhall foirne nó do dhuine eile údaraithe agus iad ar shuíomh na scoile i rith am scoile, go leanfar gnáthnósanna garchabhrach ag baint úsáid as na háiseanna atá ar fáil sa bhosca garchabhrach.

Is iad seo a leanas na rudaí a bheidh ar fáil sa bhosca garchabhrach:

• Greimlíní
• Ciarsúir leighis gan alcól
• Steri-strips
• Sprae faoisimh ó dhó
• Díghalrán craicinn
• Súilfholcadh práinneach
• Ciarsúir ghnúise
• Deep Heat
• Uachtar do bhallbhrú
• Uachtar antaiseipteach
• Hidreaghlóthach do dhónna

• Sciath dhó éigeandála
• Pacaí-oighear
• Lámhainní scrúdaithe
• Bindealán cadáis
• Ciarsúir antaiseipteach

Ní chlúdaíonn garchabhair mineastráil drugaí ná leighis agus níor cheart iad a choimeád sa bhosca/ fearas garchabhrach san ionad oibre. I gcásanna áirithe is féidir le garchabhróir cabhair a thabhairt Asprin a mhineastráil/ a thabhairt, má tá sé ar fáil, i gcás go bhfuil pian bhrollaigh chairdiach amhrasta.

Ta dífhibrileoirí lonnaithe ag an oifig **agus lasmuigh den halla.** Tá ceann soghluaiste eile istigh in oifig na scoile atá ar fáil d'imeachtaí agus turasanna lasmuigh den scoil.

**Gnáthaimh teagmhála éigeandála**

I rith na scoilbhliana tá sé de dhualgas ar thuismitheoirí/ chaomhnóirí an scoil a chur ar an eolas faoi athruithe ar aon cheann de na rudaí seo a leanas:

• Duine ainmnithe a bpáiste i gcás gortaithe/ éigeandála

• Riocht sláinte do pháiste

• Sloinne nua nó uimhir fóin.

Má tá aon cheisteanna/ iarratais agat nó má fhaigheann tú amach go bhfuil ailéirge nó riocht sláinte de shaghas éigin ag do pháiste, bí cinnte go gcuirfidh tú an t-eolas seo ar aghaidh chuig oifig na scoile agus an páiste ag clárú nó chomh luath agus a thagann sibh ar an eolas nó ar an diagnóis. Táimid ag súil go n-oireann na nósanna imeachta seo do chách.

Faofa ag an mBord Bainistíochta ar an 23ú Samhain 2021

Sínithe: ______________________

Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Sínithe: ______________________

Rúnaí, Bord Bainistíochta